

# Síntiúis do Pháirtithe Polaitíochta

**2018**

*Tuarascáil chuig Cathaoirleach Dháil Éireann de bhun  
alt 4(1) den Acht Toghcháin, 1997*



**Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí**  
**Standards in Public Office Commission**

**An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí**  
**18 Sráid Líosain Íochtarach**  
**Baile Átha Cliath 2**

**Teileafón: (01) 6395666**  
**Ríomhphost: [sipo@sipo.ie](mailto:sipo@sipo.ie)**  
**Suíomh Gréasáin: [www.sipo.ie](http://www.sipo.ie)**  
**Twitter: @SIPOCIreland**

**Iúil 2019**

## Clár Ábhar

Brollach.....	14
Caibidil 1: Réamhrá .....	15
Caibidil 2: Síntiúis ar nocht páirtithe polaitíochta iad .....	16
Suim na síntiúis a nocht páirtithe polaitíochta .....	16
Caibidil 3: Aonaid Chuntasaíochta .....	17
Tábla de thuaisceáin a fuarthas ó pháirtithe polaitíochta a bhfuil Aonaid Chuntasaíochta acu.....	18
Cistí a bhí á sealbhú ag aonaid chuntasaíochta sa bhliain 2018 .....	18
Caibidil 4: Foilsiú Doiciméad Reachtúil.....	19
Aguisín 1: Páirtithe Polaitíochta Cláraithe sa bhliain 2018 .....	20
Aguisín 2: Sonraí faoi na síntiúis a nocht páirtithe polaitíochta don bhliain 2018.....	21

## Brollach

Tá áthas orm an tuarascáil seo a chur faoi bhráid an Chinn Chomhairle de réir alt 4(1) den Acht Toghcháin, 1997, arna leasú. Pléitear sa tuarascáil seo leis na ráitis síntiús bhliantúla/na deimhnithe síntiús airgid agus na dearbhuithe reachtúla maidir leis an mbliain 2018 a thug páirtithe polaitíochta don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí de bhun alt 24 den Acht.



---

An Breitheamh Onórach Daniel O'Keeffe  
Cathaoirleach  
An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí  
Iúil 2019

## Caibidil 1: Réamhrá

Tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain, ceanglaítear ar gach páirtí polaitíochta cláraithe ráiteas síntiús lena gcumhdaítear an bhliain féilire roimhe a thabhairt don Choimisiún um Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún um Chaighdeáin).

Bhí dualgas ar na páirtithe polaitíochta go léir a bhí cláraithe sa bhliain 2018 a ráitis síntiús a thabhairt faoin 31 Eanáir 2019. Sa bhliain 2018, bhí 19 bpáirtí polaitíochta ann a bhí cláraithe agus a raibh dualgas orthu ráiteas síntiús a thabhairt.

Amhail spriocdháta an 31 Márta, chomhlíon 15 pháirtí polaitíochta na ceanglais reachtúla go hiomlán. Fuarthas na ceithre ráiteas eile faoin 15 Aibreán 2019. Tá na páirtithe go léir ag comhlíonadh na rialacha go substainteach.

Tá liosta de na páirtithe polaitíochta cláraithe a raibh ceangal orthu ráiteas síntiús a chomhdú ar fáil in Aguisín 1.

## Caibidil 2: Síntiús ar nocht páirtithe polaitíochta iad

Sa ráiteas síntiús ó pháirtí polaitíochta, ní mór a léiriú cé acu a fuair nó nach bhfuair an páirtí síntiús nó síntiús ar mhó a luach ná €1,500 ón aon fhoirse amháin sa bhliain féilire roimhe. Ní mór ainm agus seoladh poist an duine a ndearnadh an síntiús thar a cheann agus tuairisc air a thabhairt in éineacht leis na síntiús a nochtar.

Is é €2,500 an luach uasta síntiús a bhféadfaidh páirtí polaitíochta glacadh leis ón aon duine amháin san aon bhliain féilire amháin. Ní fhéadfaidh páirtí glacadh le síntiús corparáideach ná le síntiús gnó ar mó a luach ná €200 ach amháin i gcás go bhfuil an síntiúsóir cláraithe mar Shíntiúsóir Corparáideach leis an gCoimisiún. Chomh maith leis sin, coiscítear páirtí polaitíochta glacadh le síntiús eachtracha ó dhuine aonair (seachas saoránach Éireannach) a chónaíonn lasmuigh d'oileán na hÉireann. Mar an gcéanna, ní fhéadfar glacadh le síntiús ar bith, de luach ar bith, ó chomhlacht corpraithe nó ó chomhlacht neamhchorpraithe daoine nach bhfuil oifig aige ar oileán na hÉireann.

### Suim na síntiús a nocht páirtithe polaitíochta

Ba é €159,819 luach iomlán na síntiús a nocht páirtithe polaitíochta le linn na bliana 2018. Tugtar in Aguisín 2 mionsonraí faoi na síntiús a nocht páirtithe polaitíochta.

Tá achoimre ar na síntiús a nochtadh tugtha thíos:

<b>Páirtí</b>	<b>Iomlán na Síntiús a Nochtadh €</b>
Fianna Fáil	2,500
Fine Gael	81,899
Páirtí an Lucht Oibre	22,150
Sinn Féin	48,470
An Grúpa Gníomhaíochta d'Oibrithe agus Daoine Dífhostaithe	4,800
<b>Iomlán</b>	<b>159,819</b>

## Caibidil 3: Aonaid Chuntasaíochta

De réir an tsainmhíneithe a thugtar sna hAchtanna Toghcháin, ciallaíonn Aonad Cuntasaíochta craobh nó fo-eagraíocht eile de chuid páirtí polaitíochta a fhaigheann, in aon bhliain ar leith, síntiús ar mó a luach ná €100. Ciallaíonn duine freagrach, i ndáil le haonad cuntasaíochta, an cisteoir nó aon duine eile atá freagrach as a bheith ag déileáil le síntiúis don aonad.

Ní mór d'aonad cuntasaíochta a fhaigheann síntiús airgid ar mó a luach ná €100 cuntas in institiúid airgeadais a oscailt agus a choinneáil agus an síntiús sin agus aon síntiúis airgid bhreise a fhaigheann sé, is cuma cén luach a bhaineann leo, a thaisceadh sa chuntas sin.

Ní mór don duine freagrach de chuid aonad cuntasaíochta na nithe seo a leanas a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeán faoin 31 Márta gach bliain:

- ráiteas ón institiúid airgeadais inar osclaíodh an cuntas síntiús polaitíochta ina sonraítear na hidirbhearta a rinneadh i ndáil leis an gcuntas sa bhliain roimhe (ráiteas bainc), agus
- deimhniú, a bhfuil a (h)ainm leis, lena luaitear go ndearnadh na síntiúis airgid uile a fuarthas sa bhliain roimhe a thaisceadh sa chuntas agus gur chun críochoa polaitiúla a úsáideadh na suimeanna uile a baineadh as an gcuntas (Deimhniú Síntiús Airgid), agus
- dearbhú reachtúil, a bhfuil a (h)ainm leis, ina luaitear, de réir mar is fearr is eol don duine agus a chreideann sé/sí, go bhfuil an deimhniú ceart i ngach ponc ábhartha agus go ndearnadh gach beart réasúnach chun é/i féin a shásamh go bhfuil an deimhniú cruinn.

Is cion é, faoi alt 25(1)(c) den Acht, don chisteoir/duine freagrach de chuid aonad cuntasaíochta mainneachtain an ceanglas sin a chomhlíonadh.

Tugann an Coimisiún um Chaighdeán faoi deara fós gur tharraing roinnt aonaid chuntasaíochta aird ar na deacrachtaí a bhí acu an reachtaíocht a chomhlíonadh. Tríd is tríd, bhain na deacrachtaí leis an gceanglas ráitis ó institiúidí airgeadais a thabhairt.

Áiríodh leis na deacrachtaí a cuireadh in iúl:

- ráitis bhainc a rochtain don bhliain féilire roimhe sin roimh spriocdháta an 31 Márta;
- ráitis chuntais bhainc an pháirtí polaitíochta a aisghabháil mar thoradh ar athrú a bheith tagtha ar an duine freagrach; agus

- cuntais a dúnadh mar thoradh ar an reachtaíocht chun sciúradh airgid a chosc.

Tugann an Coimisiún um Chaighdeán faoi deara gur chuir aonaid chuntasaíochta in iúl go bhféadfadh gur phróiseas fada é an próiseas um chuntas síntiús polaitíochta a oscailt agus go bhféadfadh sé sin moill a chur ar thaisceadh an tsíntiúis lena gceanglaítear go meastar craobh a bheith ina haonad cuntasaíochta chun críocha an Achta Toghcháin.

### Tábla de thuairisceáin a fuarthas ó pháirtithe polaitíochta a bhfuil Aonaid Chuntasaíochta acu

<b>Páirtí Polaitíochta</b>	<b>An líon iomlán aonad cuntasaíochta</b>	<b>Tuairisceáin a fuarthas roimh an spriocdháta</b>	<b>Tuairisceáin a fuarthas tar éis an spriocdháta</b>
Fine Gael	38	36	2
Fianna Fáil	36	36	0
Páirtí an Lucht Oibre	31	19	12
Sinn Féin	9	4	5
An Comhaontas Glas	18	13	5
Na Daonlathaithe Sóisialta	8	8	0
Dlúthpháirtíocht – Pobal roimh Bhrabús	11	6	5
Iomlán	151	122	29

### Cistí a bhí á sealbhú ag aonaid chuntasaíochta sa bhliain 2018

Ní cheanglaítear ar aonaid chuntasaíochta ráiteas síntiús a chur isteach chuig an gCoimisiún.

Mar sin, bíonn sé doiligh don Choimisiún a fháil amach cárb as a dtagann an t-airgead atá á shealbhú i gcuntais síntiús polaitíochta na n-aonad cuntasaíochta. Ba é €1,150,073.86 an t-iarmhéid deiridh comhiomlán a bhí á shealbhú ag aonaid chuntasaíochta i ndáil leis an mbliain 2018. Tá an Coimisiún fós den tuairim gur gá an reachtaíocht a bheachtú tuilleadh chun a chinntiú go mbeidh trédhearcacht iomlán ann maidir le haonaid chuntasaíochta.

## Caibidil 4: Foilsiú Doiciméad Reachtúil

De réir alt 24(7)(a) den Acht, rinne an Coimisiún na ráitis síntiús/na dearbhuithe reachtúla a thug páirtithe polaitíochta a leagan faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas inniu.

De réir alt 73 den Acht, chuir an Coimisiún na ráitis síntiús/na dearbhuithe reachtúla ar fáil lena n-íniúchadh agus lena gcóipeáil ag an bpobal ina oifigí ag 18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2. Tá an fhaisnéis ar fáil freisin ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin ag [www.sipo.ie](http://www.sipo.ie).



## Aguisín 1: Páirtithe Polaitíochta Cláraithe sa bhliain 2018

Páirtí Cumannach na hÉireann
Daonlathas Duitse in Éirinn
Fianna Fáil
Fine Gael
Fís Nua
An Comhaontas Glas
Comhaontas Dhínit an Duine
Aitheantas Éire
Neamhspleáigh ar son an Athraithe
An Páirtí Daonlathach Éireannach
Comhaontas Neamhspleách Chiarraí
Páirtí an Lucht Oibre
Renua Éireann
Sinn Féin
Na Daonlathaithe Sóisialta
Dlúthpháirtíocht – Pobal roimh Bhrabús
Páirtí na nDaoine Aontaithe
Páirtí na nOibrithe
An Grúpa Gníomhaíochta d'Oibrithe agus Daoine Dífhostaithe

## Aguisín 2: Sonraí faoi na síntiúis a nocht páirtithe polaitíochta don bhliain 2018

### Fianna Fáil

Ainm an tsíntiúsóra	Cur síos ar an síntiúsóir	Luach an tsíntiúis €
An tUas. Denis Mee	Duine aonair	2,500
<b>Iomlán</b>		<b>2,500</b>

### Fine Gael

Ainm an tsíntiúsóra	Cur síos ar an síntiúsóir	Luach an tsíntiúis €
Maria Bailey TD	Duine aonair	1,948
Seán Barrett TD	Duine aonair	1,660
Colm Brophy TD	Duine aonair	1,660
Richard Bruton TD	Duine aonair	2,084
Peter Burke TD	Duine aonair	1,660
Catherine Byrne TD	Duine aonair	1,529
Ciarán Cannon TD	Duine aonair	1,628
Joe Carey TD	Duine aonair	1,520
Deirdre Clune FPE	Duine aonair	1,833
Simon Coveney TD	Duine aonair	1,771
Jim Daly TD	Duine aonair	1,580
Michael D'Arcy TD	Duine aonair	1,580
Pat Deering TD	Duine aonair	1,593
Regina Doherty TD	Duine aonair	1,693
Paschal Donohoe TD	Duine aonair	1,921
Andrew Doyle TD	Duine aonair	1,653
Bernard Durkan TD	Duine aonair	1,799
Damien English TD	Duine aonair	2,000
Alan Farrell TD	Duine aonair	1,667
Frances Fitzgerald TD	Duine aonair	1,667
Charles Flanagan TD	Duine aonair	1,710
Brendan Griffin TD	Duine aonair	1,580
Simon Harris TD	Duine aonair	1,935
Brian Hayes FPE	Duine aonair	2,115
Martin Heydon TD	Duine aonair	1,624
Heather Humphreys TD	Duine aonair	1,736

Sean Kelly FPE	Duine aonair	1,874
Enda Kenny TD	Duine aonair	1,590
Seán Kyne TD	Duine aonair	1,650
Josepha Madigan TD	Duine aonair	2,296
Helen McEntee TD	Duine aonair	1,680
Mairead McGuinness FPE	Duine aonair	1,550
Joe McHugh TD	Duine aonair	1,695
Tony McLoughlin TD	Duine aonair	1,590
Mary Mitchell O'Connor TD	Duine aonair	1,610
Dara Murphy TD	Duine aonair	1,638
Eoghan Murphy TD	Duine aonair	2,273
Hildegard Naughton TD	Duine aonair	1,660
Tom Neville TD	Duine aonair	1,651
Michael Noonan TD	Duine aonair	2,044
Kate O'Connell TD	Duine aonair	1,520
Patrick O'Donovan TD	Duine aonair	1,653
Fergus O'Dowd TD	Duine aonair	1,816
John Paul Phelan TD	Duine aonair	1,724
Noel Rock TD	Duine aonair	1,667
David Stanton TD	Duine aonair	1,580
Leo Varadkar TD	Duine aonair	1,992
<b>Iomlán</b>		<b>81,899</b>

### Páirtí an Lucht Oibre

Ainm an tsíntiúsóra	Cur síos ar an síntiúsóir	Luach an tsíntiúis €
An Seanadóir Ivana Bacik	Duine aonair	1,950
Joan Burton TD	Duine aonair	2,400
Brendan Howlin TD	Duine aonair	2,400
An Seanadóir Kevin Humphreys	Duine aonair	1,800
Alan Kelly TD	Duine aonair	2,400
An Seanadóir Gerald Nash	Duine aonair	2,400
Jan O'Sullivan TD	Duine aonair	2,400
Willie Penrose TD	Duine aonair	2,400
Brendan Ryan TD	Duine aonair	2,400
Sean Sherlock TD	Duine aonair	1,600
<b>Iomlán</b>		<b>22,150</b>

## Sinn Féin

Ainm an tsíntiúsóra	Cur síos ar an síntiúsóir	Luach an tsíntiúis €
Gerry Adams TD	Duine aonair	2,460
Lynn Boylan FPE	Duine aonair	1,664
Matt Carthy FPE	Duine aonair	2,496
An Seanadóir Máire Devine	Duine aonair	1,992
Pearse Doherty TD	Duine aonair	2,496
Dessie Ellis TD	Duine aonair	2,750*
Martin Ferris TD	Duine aonair	2,496
An Seanadóir Paul Gavan	Duine aonair	2,665**
An Seanadóir Pádraig Mac Lochlainn	Duine aonair	2,460
Mary Lou McDonald TD	Duine aonair	2,500
Denise Mitchell TD	Duine aonair	2,655**
Imelda Munster TD	Duine aonair	2,460
Liadh Ní Riada FPE	Duine aonair	2,496
An Seanadóir Niall Ó Donnghaile	Duine aonair	2,500
Donnchadh Ó Laoghaire	Duine aonair	2,460
Louise O'Reilly	Duine aonair	2,460
Aengus Ó Snodaigh	Duine aonair	2,000
Maurice Quinlan	Duine aonair	2,460
Brian Stanley TD	Duine aonair	2,500
An Seanadóir Fintan Warfield	Duine aonair	2,500
<b>Iomlán</b>		<b>48,470</b>
<i>Síntiúis a tugadh ar ais</i>		<b>580</b>
<i>An mhéid iomlán lúide na síntiúis a tugadh ar ais</i>		<b>47,890</b>

\*Tugadh €250 ar ais don síntiúsóir

\*\*Tugadh €165 ar ais don síntiúsóir

## An Grúpa Gníomhaíochta d'Oibrithe agus Daoine Dífhostaithe

Ainm an tsíntiúsóra	Cur síos ar an síntiúsóir	Luach an tsíntiúis €
An Comh. Pat English	Duine aonair	2,400
Seamus Healy TD	Duine aonair	2,400
<b>Iomlán</b>		<b>4,800</b>